

## Dlíthe Tiomána

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint anois ar thuirisc faoi na hathruithe atá le teacht ar dhlíthe tiomána na tíre. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi na hathruithe atá le déanamh ar na dlíthe tiomána sa tír?

Ar cheart athruithe a dhéanamh ar na dlíthe tiomána, dar leat?

An bhfuil meas ag muintir na hÉireann ar dhlíthe na tíre?

An gcuirtear dlíthe na tíre i bhfeidhm ar bhealach cóir i measc aicmí éagsúla na tíre?

### Ceist 2

Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Theory Test \_\_\_\_\_ Pionta beorach

Roads Safety Authority \_\_\_\_\_ Tástáil teorice

Memorize \_\_\_\_\_ Aithneachtáil

Dangers \_\_\_\_\_ Teorainn

Recognise \_\_\_\_\_ Ullmhaithe

Pint of Beer \_\_\_\_\_ Oiliúint

Millilitre \_\_\_\_\_ Contúirtí

Limit \_\_\_\_\_ Foghlaim de ghlanmheabhair

Sector \_\_\_\_\_ Cónaidhm Fíoncheannaithe na hÉireann

Training \_\_\_\_\_ An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

Prepared \_\_\_\_\_ Earnáil

Vintners Federation of Ireland \_\_\_\_\_ Millilítear

### Ceist 3

Anois féach ar an mír don dara huair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cad a tharla in Aviva an tseachtain seo caite?
2. Cé mhéad duine a maraíodh ar bhóithre na tíre seo anuraidh?
3. Céard atá suntasach faoin líon a maraíodh?
4. Cad atá i mbaol a ndúnta sa bhliain amach romhainn?
5. Cad is cúis leis an laghdú san earnáil seo?

**Ceist 4** a) ‘cinnteoidh sé seo go mbeidh tiománaithe **níos ullmhaithe**’

Cé acu gné gramadaí atá i gceist le ‘ullmhaithe’ thuas?

- *Aidiacht Bhriathartha?*
- *Breischéim na haidiachta?*
- *Ainmfhocal sa Uimhir Iolra?*

**b)** Scríobh foirm an aidiacht bhriathartha de na focail thíos

1. Déan
2. Críochnaigh
3. Croch
4. Seol
5. Greamaigh
6. Ceannaigh
7. Léigh
8. Ith
9. Goid
10. Scríobh

**Ceist 5** a) Déan iarracht focail eile nó bealaí canúna a aimsiú sa sliocht a thagraíonn do na focail thíos.

Post

Dainséar

A thabhairt faoi deara / a aithint

Daichead

Gach uile

Níos mó

**b)** Anois, déan iarracht abairt a scríobh ag baint úsáide as na focail nua thuas chun a mbrí a chur in iúl.

**Ceist 6** Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

*‘Tugtar dlíthe nua tiomána isteach le hioncam a ghiniúint don Rialtas agus ní ar son sábháilteacht na ndaoine’*

## Treoracha agus Freagraí

**Ceist 1** Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

**Ceist 2** Theory Test \_\_\_\_\_ **Tástáil teoirice**  
Roads Safety Authority \_\_\_\_\_ **An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre**  
Learn off by heart \_\_\_\_\_ **Foghlaim de ghlanmheabhair**  
Dangers \_\_\_\_\_ **Contúirtí**  
Recognise \_\_\_\_\_ **Aithneachtáil**  
Pint of Beer \_\_\_\_\_ **Pionta beorach**  
Millilitre \_\_\_\_\_ **Millilítear**  
Limit \_\_\_\_\_ **Teorainn**  
Sector \_\_\_\_\_ **Earnáil**  
Training \_\_\_\_\_ **Oiliúint**  
Prepared \_\_\_\_\_ **Ullmhaithe**  
Vintners Federation of Ireland \_\_\_\_\_ **Cónaidhm Fíoncheannaithe na hÉireann**

**Ceist 3**

1. Scaoil Aviva le suas le míle fostaí an tseachtain seo caite.
2. Maraíodh 212 duine ar na bóithre in Éirinn anuraidh.
3. Sin é an líon is lú ó tosaíodh ag coinneáil taifid.
4. Tá 500 teach ósta i mbaol.
5. Deirtear go bhfuil baint ag cosc ar tobac agus rialacha tiomána leis an gcúlú san earnáil.

**Ceist 4**

**a)** *Breischéim na haidiachta atá i gceist san abairt thuas.*

**b)** Scríobh foirm an aidiacht bhriathartha de na focail thíos.

1. Déan \_\_\_\_\_ Déanta
2. Críochnaigh \_\_\_\_\_ Críochnaithe
3. Croch \_\_\_\_\_ Crochta
4. Seol \_\_\_\_\_ Seolta
5. Greamaigh \_\_\_\_\_ Greamaithe
6. Ceannaigh \_\_\_\_\_ Ceannaithe
7. Léigh \_\_\_\_\_ Léite
8. Ith \_\_\_\_\_ Ite
9. Goid \_\_\_\_\_ Goidte
10. Scríobh \_\_\_\_\_ Scríofa

**Ceist 5**

a)

Post \_\_\_\_\_ Slí bheatha

Dainséar \_\_\_\_\_ Contúirt

A thabhairt faoi deara / a aithint \_\_\_\_\_ Aithneachtáil

Daichead \_\_\_\_\_ Ceathracha

Gach uile \_\_\_\_\_ 'chuile

Níos mó \_\_\_\_\_ Tuilleadh

b)

Samplaí

- Tá *post* agam mar thiománaí le seachtain anuas.
- Tá *dainséar* ag baint le dreapadóireacht
- Caithfear an radharc sin a *thabhairt faoi deara*.
- *Daichead* euro a bhí agam ach níl ach fiche euro fágtha agam.
- Tá *gach uile* rud anseo scriosta.
- Tá *níos mó* oibre agam anois ná mar a bhí agam anuraidh.

**Ceist 6**

Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh sa rang.

## Caoimhe Nic Chonchoille

Tá roinnt athruithe in ann do lucht tiomána na tíre an tseachtain seo. Tá athrú déanta ar an tástáil teoirice tiomána chomh maith le hathrú fosta ar an mhéid<sup>1</sup> alcóil is ceadmhach do dhaoine a bheith ag tiomáint a ól.

## Máire Treasa Ní Cheallaigh

Tá athrú ar an tástáil teoirice tiomána ó inniu. Fanfaidh leagan amach an scrúdaithe mar atá ach go mbeidh ceisteanna nua ann agus go bhfuil athrú ar chuid eile acu.

1,500 ceist anois ar fad a bheidh le clúdach<sup>2</sup>. Deir an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre go gcinnteoidh sé seo go mbeidh tiománaithe níos ullmhaithe le dul chun bóthair.<sup>3</sup>

Níl ann ach bunchloch agus is bunchloch maith é. Is dóigh go dtabharfaidh daoine níos mó aird anois air. Roimhe seo bhíodh siad ag foghlaim de ghlanmheabhair na ceathracha ceist. Choinníodh siad ag dul timpeall ar an dlúthdhiosca arís agus arís eile agus bheadh chuile cheist nó chuile fhreagra acu ar chuile cheist sa deireadh ach beidh sé níos deacra é sin a dhéanamh le 1,500 agus tá níos mó aird anois freisin sa leabhar nua, feictear dom, ar chontúirtí<sup>4</sup> a aithneachtáil<sup>5</sup> ar an mbóthar agus déileáil leis an gcontúirt. Is dóigh go bhfuil níos mó aird ar chomharthaí bóthair a aithneachtáil<sup>6</sup> agus a léamh.

Tá athrú freisin ar dhlíthe a bhaineann le halcól agus le tiomáint. Ó mheánoíche Déardaoin seo chugainn, beidh laghdú ar an méid alcóil a bheidh cead a ól, ó 80mg go 50mg in aghaidh céad millilítear fola. Sin beagán níos lú ná pionta beorach.

Iadsan atá fós faoi oiliúint nó ar tiomáint an tslí<sup>7</sup> bheatha atá acu, 20 mg is mó a bheidh ceadaithe dóibhsean. An té a bheidh beagán os cionn na teorann 50mg, beidh sé de chead ag Gardaí trí phointe pionóis agus fíneáil €200 a ghearradh orthu. Gearrfar fíneáil €400 ar an té a mbeadh idir 80-100 mg alcóil in aghaidh céad millilítear dá gcuid fola agus cuirfear den bhóthar iad ar feadh sé mhí. Má bhíonn tiománaí os cionn 100mg caithear dul chun cúirte. Cuirfear den bhóthar ar feadh bliana ar a laghad iad agus d'fhéadfaí fíneáil suas le cúig mhíle euro a ghearradh orthu.

Dar le Cónaidhm Fíoncheannaithe na hÉireann scaoileadh le 7,000 fostaí san earnáil anuraidh agus tá 500 teach ósta ar a laghad i mbaol a ndúnta sa bhliain<sup>8</sup> amach romhainn.

Is cinnte go bhfuil rudaí ar nós an cosc ar tobac agus na rialacha nua seo maidir le tiomáint agus alcól ag cur isteach orainn, agus an rud a bheidh muide ag iarraidh ar dhaoine agus ag iarraidh ar an rialtas ná b'fhéidir céim siar a thógáil<sup>9</sup> agus féachaint ar na figiúirí sin - sin seacht n-uaire na poist ar fad a cailleadh in Aviva an tseachtain seo caite.

---

<sup>1</sup> I gcanúint an léitheora cuirtear h sa Tuiseal Tabharthach

<sup>2</sup> le clúdú a deirtear

<sup>3</sup> le dhul 'un bóthair a deirtear sa chaint.

<sup>4</sup> Contúirteachaí deirtear

<sup>5</sup> a aithint/a aithneachtáil a deirtear i gConamara(glactar leis in Ó Domhnaill)

<sup>6</sup> a aithint/a aithneachtáil a deirtear i gConamara(glactar leis in Ó Domhnaill)

<sup>7</sup> an slí a deirtear

<sup>8</sup> sa mbliain a deirtear i gcanúint an tuairisceora.

<sup>9</sup> A thógaint a deirtear sa chanúint atá aige.

212 duine a maraíodh ar bhóithre na tíre anuraidh, an líon is lú ó tosaíodh ag coinneáil taifid. Tá súil go gcuideoidh na hathruithe atá le teacht i bhfeidhm an tseachtain seo le tuilleadh daoine a shábháil ar na bóithre.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4